



Regional Development Centre

Innovation

Enterprise &

Technology

Transfer

Services

Caibidil 5

Geilleagar agus Fostaíocht

“Chun bonn fostaíochta agus próifíl gheilleagrach Lú a neartú a chuireann le hainmniú Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha agus a uasmhéadaíonn suíomh straitéiseach an Chontae le taobh Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. Cinnteoidh beartú tosaíochta Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan maidir le hinfheistíocht gheilleagrach mar aon le ról geilleagrach tacaíochta breise na mbailte agus na sráidbhailte beaga go leanfaidh cóimheas Post: Lucht Oibre ag feabhsú chun pobail níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chruthú.”

5 GEILLEAGAR AGUS FOSTAÍOCHT

5.1 RÉAMHRÁ

Lorgaíonn an Plean tacú agus áisiú le forbairt gheilleagrach inmharthana agus le cruthú post, i réimse earnálacha, de réir phrionsabail phleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe. De réir mar atá daonra Lú ag leanúint ag fás, tá sé den tábhacht go bhfuil an Contae ag leanúint i suíomh chun infheistíocht gheilleagrach bhreise a áisiú agus freagairt do héiginnteacht gheilleagrach ar bith.

Leagfaidh an chaibidil seo amach an fhís agus an straitéis d'fhorbairt gheilleagrach sa Chontae i rith shaolré an Phlean. Aithneoidh sé na deiseanna do Lú a bhonn gheilleagrach a neartú agus leanúint ag mealladh infheistíochta agus tacú le cruthú post do ghnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta araon. Tá an chreatlach spásúil maidir le forbairt fiontair agus fostaíochta comhsheasmhach le agus ailínithe ar bheartais fhorbartha gheilleagracha ar bhonn leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

5.2 PRÓIFÍL GHEILLEAGRACH LÚ

Tá suíomh maith ag Lú le taobh Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste atá mar bhuntáiste chun rochtain iontach a chur ar fáil ar Lár na Cathrach, ar an Aerfort, ar an gCalafort i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus sna hEochair Bhailte sa Réigiún chun infheistíocht gheilleagrach a mhealladh.

Maidir le haitheantas Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha (RGCs) sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus sa Straitéis Gheilleagrach Straitéiseach Réigiúnach (RSES), is aitheantas é ar thábhacht na réiteach seo ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta chun an daonra agus fás gheilleagrach amach anseo a áisiú.

Tá forbairt gheilleagrach agus fostaíochta sa Chontae dírithe ar pháirceanna gnó, eastáit tionsclaíochta, agus lárbhailte i nDroichead Átha, i nDún Dealgan, i mBaile Átha Fhirdhia, agus i nDún Léire. Lasmuigh de na socruithe seo tá fiontraíochtaí ar scála beag sna bailte agus sna sráidbhailte beaga agus amuigh faoin tuath.

Le os cionn 35,000 post sa Chontae agus cóimheas Post: Lucht Oibre de 0.71 a taifeadh i Móráireamh 2016, is léir go bhfuil buntáistí geilleagracha ag baint le suíomh straitéiseach an Chontae, agus go háirithe le neart an bhoinn fostaíochta. Is léir go bhfuil an t-idirspiléachas idir Lú agus Baile Átha Cliath i gceist le ráta aistrithe líonra de bheagnach 30% d'oibrithe cónaithe atá ag taisteal lasmuigh den Chontae, a bhformhór acu a bhíonn ag obair i mBaile Átha Cliath.

Ar leibhéal socruithe, tá Dún Dealgan ar an bpríomhionad fostaíochta sa Chontae, ina bhfuil beagnach 14,200 post i 2016. Tá sé sin cothrom le 40% de phoist iomlána sa Chontae agus is léir go bhfuil neart an Lárionaid Fháis Réigiúnacha seo mar shuíomh fostaíochta. Bhí an cóimheas Post: Lucht Oibre ar an mbaile ar 0.99 i 2016, a leagann béim ar an ailíniú dlúth idir fás daonra agus fostaíocht sa bhaile agus an t-ardán inbhuanaithe ar a bhfuil an baile ag forbairt.

Tá Droichead Átha tábhachtach mar ionad fostaíochta freisin ina raibh os cionn 12,300 post i 2016¹. Tá an cóimheas Post: Lucht Oibre ag léiriú an idirspiléachais den bhaile le Baile Átha Cliath, mar gheall ar an méid níos airde de thimáistriú amach le haghaidh fostaíochta.


¹ Áirítear anseo na Purláin i nDeisceart an bhaile ina raibh 1,216 post agus 3,700 oibrí cónaithe i 2016.

Tá bonn fostaíochta láidir i mBaile Átha Fhirdhia agus i nDún Léire, ina bhfuil an dá bhaile cothrom go hinbhuanaithe maidir le fás daonra agus fostaíocht. I gcomparáid le socrúithe de mhéideanna comhchosúla, is léir go bhfuil an dá bhaile ag sárú go leor bailte eile sa Réigiún agus ar fud na tíre maidir le poist iomlána. Tugann an méid sin le tuiscint tábhacht na mbailte maidir le fostaíocht agus soláthar seirbhísí ina chúlchríocha mórthimpeall. Tá Dún Léire ar an aon bhaile sa Chontae le hinsreabhadh d'oibrithe rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó poist sa bhaile ná oibrithe cónaithe, agus tá cóimheas Post: Lucht Oibre 1.10 i gceist. Tá socrúithe níos lú sa Chontae ina bhfuil bonn fostaíochta níos teoranta iontu agus níos lú poist mar thoradh air. Is iad Cairlín agus Baile an Ghéarlánaigh/Cill Sáráin na heisceachtaí ina bhfuil cóimheas Post: Lucht Oibre de 0.8 (370 post sa bhaile) agus 0.65 (295 post sa bhaile) faoi seach.

Bíonn na socrúithe níos lú ag brath ar thimmaistriú amach agus tá cóimheas Post: Lucht Oibre idir 0.17 (Ceann Chlochair) agus 0.32 (Tearmann Feichín) i gceist. Is léiriú é seo ar bhonn fostaíochta lag. Tá sonraí iomlána den bhriseadh síos d'oibrithe cónaithe, de phoist iomlána agus de chóimheas post i ngach socrú i Lú leagtha amach i bhFíor 5.1.


Cuireann Fíor 5.2 briseadh síos ar fáil de na grúpaí oibre sa Chontae i 2011 agus i 2016. Is léiriú fiúntach é sin ar an réimse leathan fostaíochta sa Chontae, mar aon le béim a leagan ar an tacar saincileanna san fhórsa oibre. Áirítear orthu sin ról ghnó agus riaracháin, bainistíocht chorparáideach, taighde agus innealtóireacht, agus ceirdeanna oilte. Bhí méadú beag i bhformhór na ngrúpaí oibre idir 2011-2016, ina raibh gairmeacha gairmiúla agus seirbhísí ar an méadú is airde. Bhí ceirdeanna tógála oilte ar an laghdú is mó le linn na tréimhse seo.

Fíor 5.1: Oibrithe Cónaithe, poist, agus cóimheas post i Lú trí shocrú i 2016



Fíor 5.2: Briseadh síos den fhórsa oibre i Lú i 2011 agus i 2016

Briseadh síos an fhórsa oibre 2011 & 2016



5.3 PRÓIFÍL FHOSTÓRA

Tá réimse leathan fostóirí ó earnálacha tionsclaíochta éagsúla bunaithe i Lú. Tá bithchógais, táirgeadh bia agus deoch, déantúsaíocht, seirbhísí airgeadais, agus teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) ar na hearnálacha is suntasaí.

Chomh maith le fostaíocht dhíreach a chruthú, cruthaíonn na gnólachtaí agus na fostóirí móra sa Chontae táirgeacht níos airde sa gheilleagar níos leithne mar go gcuireann siad fostaíocht indíreach ar fáil i réimsí ar nós soláthar seirbhíse, cothabháil agus lóistíocht.

Is earnálacha fostaíochta suntasacha iad sláinte agus oideachas freisin, le dhá ospidéal (Ospidéal Mhuire Lourdes i nDroichead Átha agus Ospidéal Chontae Lú i nDún Dealgan) agus áis oideachais tríú leibhéal (Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, (DKIT) agus Institiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha (DIFE)) lonnaithe sa Chontae.

Laistigh de na hearnálacha fostaíochta éagsúla sa Chontae bíonn deiseanna ann le haghaidh fás agus forbairt.

5.4 STRAITÉIS GHEILLEAGRACH

Cuireann an Plean creatlach ar fáil maidir le fás agus infheistíocht gheilleagrach ar leibhéal Contae. Tá an chreatlach seo ailínithe go dlúth le beartas náisiúnta agus réigiúnach agus tá cuntas ar fhoilseacháin rialtais le deireanaí a bhaineann le forbairt gheilleagrach, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta do Phoist agus Fiontar 2025. Tá an straitéis gheilleagrach don Chontae bunaithe ar fhís chun bonn gheilleagrach láidir a fhorbairt le tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna. Iarrann an Plean seo an fhís seo a neartú tríd é a ailíniú leis na príomhphrionsabail gheilleagracha atá leagtha amach san RSES.

Cé nach gcruthaíonn Plean Forbartha fostaíocht, tá ról ríthábhachtach ag an bPlean forbairt a áisiú agus tacú le fás gheilleagrach. Má tá Plean ann chun tacú le fás gheilleagrach, ní mór a chinntiú go bhfuil a dhóthain tailte ar fáil d'infheistíocht agus gur féidir seirbhís a dhéanamh ar na tailte le bóithre, seirbhísí uisce, fuinneamh agus bonneagar teileachumarsáide riachtanacha. Más ann d'easnamh ar bith sa bhonneagar beidh neamhéifeachtúlachtaí, caillteanas táirgeachta, agus ardchostais do ghnólachtaí mar thoradh air agus tionchair ar iomaíochas gheilleagrach sa deireadh. Tá gá le gníomhaíocht agus comhoibriú rialta le gníomhaíochtaí agus soláthraithe bonneagair chun tionscadail a shainaitheint agus dul chun cinn a dhéanamh le fás gheilleagrach a áisiú agus lena chinntiú go bhfuil cur chuige soiléir agus iomlán ann maidir le forbairt. Ina theannta sin, má chruthaítear an timpeallacht cheart d'fhiontar agus d'fhostaíocht beidh áiteanna ar ardchaighdeán ar fáil mar meallfar daoine chun oibre, chun cónaí ann agus meallfar infheisteoirí agus meallfar daoine chun staidéar agus cuairt a thabhairt ar an áit.

Is é an príomh-lárionad a bhaineann le forbairt fostaíochta sa Phlean ná Lárionaid Fháis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Tá bonn fostaíochta láidir ag na socruithe seo, ina bhfuil réimse leathan seirbhísí, agus margadh agus abhantrach mhór, a bhfuil an cumas ann cur le níos mó infheistíochta sna lárcheantair ina bhfuil deiseanna ann dul i meitheal le fiontair atá ann faoi láthair.

Trí dhíríú ar fhás sna socruithe seo beidh deis ann tairseach chriticiúil a chruthú den daonra a thacódh le hinfheistíocht bonneagair agus forbairt a neartú sna mórcheantair uirbeacha seo.

Fíor 5.3



5.5 COMHTHÉACS BEARTAIS

Mar fhreagra ar na leibhéal arda dífhostaíochta ar fud na tíre le linn an chúlaithe eacnamaíochta, d’fhoilsigh an Rialtas líon tionscnamh dírithe ar thacú le fás geilleagrach agus cruthú post. Is iad seo a leanas na príomhfhóilseacháin:

5.5.1 Plean Gníomhaíochta do Phoist

Is fóilseachán bliantúil é seo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a leagann amach cur chuige an Rialtais chun cruthú post a uasmhéadú ar fud na tíre. Tá sé leanúnach ó 2012, ina bhfuil spriocanna ar leith san áireamh sa Plean Gníomhaíochta a bhaineann le fás fostaíochta.

Tá Pleananna Fiontar Réigiúnacha ullmhaithe freisin, ina bhfuil Lú lonnaithe laistigh den Réigiún Thoir Thuaidh/Thiar Thuaidh. Aithníonn an Plean Fiontar seo go bhfuil bonn fiontar éagsúil ag an gceantar seo agus earnáil d’fhiontar bheaga agus mheánmhéide a bhfuil rath orthu le cumas ann leathnú. Aithnítear an bonn scileanna agus staid na nInstitiúid Teicneolaíochta sa Réigiún agus go bhfuil tábhacht leo chun fórsa oibre oilte a chruthú. Tá an *Plean Fiontar Réigiúnach Thoir - Thuaidh* dírithe ar chur le láidreachtaí sa Réigiún, tacú le comhoibriú leanúnach le gnólachtaí, páirtithe leasmhara, agus gníomhaireachtaí poiblí, agus fostaíocht a mhéadú.

5.5.2 Ár gCumas Tuaithe a Fhíorú - Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe i 2017 a aithníonn na dúshláin a bhaineann le ceantair thuaithe. Díríonn an Plean Gníomhaíochta seo [‘*Ár gCumas Tuaithe a Fhíorú*’](#) ar fhorbairt gheilleagrach a neartú sna ceantair thuaithe trí bhonneagar a fheabhsú, trí bhailte agus sráidbhailte a athghiniúint, trí dhul i ngleic le heisiamh sóisialta agus trí thacú le cruthú post.

5.5.3 Beartas Straitéiseach

Leagann an NPF agus an RSES amach an cur chuige maidir le beartas pleanála d'fhorbairt gheilleagrach ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Leagtar béim ar chur chuige pleandíríthe i dtreo fhorbairt gheilleagrach a dhíríonn ar thógáil ar athléimneacht sa gheilleagar, comhoibriú a chur chun cinn, nuálaíocht, agus fiontraíocht, nascacht agus rochtain a chothú agus infheistíocht bonneagar a ailíniú le socruithe ceaptha d'fhás.

Iarrann an RSES tacú le fás geilleagrach agus cruthú post sa Réigiún trí choincheap de speisialtóireacht chliste. Is Straitéis Eorpach í seo a iarrann cur le fás geilleagrach trína chur ar chumas Réigiúin buntáistí iomaíocha a shainaithint agus a fhorbairt. Is cur chuige comhpháirtíochta é seo a thugann le chéile údaráis áitiúla, ollscoileanna, grúpaí gnó agus eagraíochtaí, agus an pobal i gcoitinne.

Shainaithin an RSES Droichead Átha agus Dún Dealgan mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha agus aithníonn sé an cumas suntasach de na socruithe seo feidhmiú ar thiomántoirí d'fhorbairt gheilleagrach sa Réigiún.

5.5.4 Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail

Mar chuid den rialtas áitiúil a athstruchtúrú lena chur chun feidhme [‘*Daoine a chur i dTosach*’](#) agus Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, tugadh ról níos fearr d'údaráis áitiúla i bhforbairt gheilleagrach. San áireamh bhí Oifig Fiontair Áitiúil a chruthú do gach údarás áitiúil, a tháinig in áit Bhoird Fiontair Chontae, agus an riachtanas do gach údarás áitiúil *‘Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2022 (LECP)’* a ullmhú². Glacadh le [LECP Lú](#) Márta 2016. Tá gaol gairid ag spriocanna geilleagracha an LECP leis an bPlean 10 bpointe a d'ullmhaigh Fóram Geilleagrach Lú. Tá sé mar phríomhaidhm ag an LECP geilleagar agus pobal faoi bhláth a chruthú inar féidir le gnólachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta araon teacht chun cinn. Is gá go mbeadh an LECP i gcomhréir le Plean Forbartha an Chontae agus an RSES, rud a chiallaíonn go bhfuil sé ailínithe go dlúth le beartas pleanála ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach.

² [Roinn 44 d'Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 a leagann amach na riachtanais chun gach údarás áitiúil a ullmhú do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ullmhú](#)

Fíor 5.4: Spriocanna Geilleagracha LECP Lú



5.5.5 Fóram Geilleagrach Lú

Bunaíodh Fóram Geilleagrach Lú i 2009 ina bhfuil foireann ildisciplíneach ón earnáil phoiblí agus príobháideach lena n-áirítear gnólachtaí áitiúla, gníomhaireachtaí stát, agus an Chomhairle. Feidhmíonn an fóram mar ionad ilfhreastail d'infheisteoirí féideartha a chuireann comhairle agus eolas ar fáil.

D'fhoilsigh an Fóram Plean 10 bPointe agus léiríodh 10 réimse ar leith le díriú orthu. D'ullmhaigh na tascghrúpaí san Fhóram sraith de Phleananna Gníomhaíochta. Cuireann na Pleananna Gníomhaíochta seo léargas fóna ar fáil sa gheilleagar áitiúil i Lú mar aon le léargas a leagan amach maidir leis an mbealach ina bhfuil sé i gceist cur leis an ngeilleagar agus é a fhorbairt³.

5.6 TREOCHTAÍ GEILLEAGRACHA LE DEIREANAS

Bhí geilleagar na hÉireann ag déanamh go maith go dtí Márta 2020 nuair ba léir an gheit gheilleagrach a bhain le paidéim Covid-19. Nuair a scríobhadh an t-alt seo bhí socruithe agus freagairtí beartais éagsúla i bhfeidhm do dhaoine, do ghnólachtaí, agus do ghníomhaireachtaí agus seirbhísí rialtais sa gheilleagar agus sa tsochaí chun déileáil leis na hamanna éiginnte seo. Tá tionchar ag na freagairtí seo ar aschur agus ar fheidhmiú geilleagrach.

Roimh an phaindéim Covid-19, tháinig geilleagar na hÉireann as tréimhse fhada de chúngú agus de stad sa gheilleagar go dtí geilleagar a bhí ar cheann de na geilleagair is fearr san Eoraip le blianta beaga anuas. Bhí fás bliain ar bhliain ar an ngeilleagar ó 2014, agus ardú i bhfostaíocht, i bpá, agus i gcaiteachas tomhaltóirí.

Sa cheathrú ceathrú de 2019, bhí an ráta dífhostaíochta ar 4.8%, an ráta is lú ó 2007⁴.

Bhí an t-athrú fáis i gcomparáid leis an gcuid eile d'Eoraip a bhí soiléir i gcomparáid le rátaí fáis.

Idir 2010-2019 ba é an meánráta fáis bhliantúil ná 4.5%, cé go raibh an chuid eile den Eoraip, le linn na tréimhse chéanna, ar 1.6%⁵.

Léiríonn réamh-mheastacháin gheilleagracha tar éis na paidéime Covid-19 go laghdóidh an geilleagar i 2020 agus go mbeidh cúlú eacnamaíochta ann⁶. Tá sé sin i gcodarsnacht leis na réamh-mheastacháin roimh an phaindéim, a thuar go mbeadh fás leanúnach i gceist, cé go mbeadh sé níos lú ná blianta roimhe sin. Mar gheall ar an éiginnteacht maidir leis an bpaindéim, tá sé deacair a éifeacht a thuar go fadtéarmach. Tá sé glactha go forleathan, áfach, go mbeidh tréimhse ama suntasach ann sular féidir fillleadh go gnáthgheilleagar.

Tacóidh an Plean seo le comhoibriú idir an Chomhairle, a hOifig Fiontair Áitiúil agus na gníomhaireachtaí cosúil leis an Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA) agus Fiontraíocht Éireann chun oibriú i gcomhar le gnólachtaí agus fostóirí chun freagairt don phaindéim agus chun tacaíocht a thabhairt más féidir. Iarrfar chomh maith creatlach a leagan amach a thacóidh le cruthú timpeallachta a bheadh mealltach d'infheistíocht gheilleagrach agus cruthú fostaíochta nuair a fhillfidh fás sa gheilleagar arís.

³ Cliceáil [anseo](#) chun teacht ar na Pleananna Gníomhaíochta a fhoilsíonn Fóram Geilleagrach Lú

⁴ [Suirbhé Ráithe 4 maidir le Fórsa Oibre 2019](#)

⁵ [ESRI Tráchtareacht Gheilleagrach Ráithiúil do Gheimhreadh 2019](#)

⁶ [ESRI Tráchtareacht Gheilleagrach Ráithiúil d'Earrach 2020](#)

5.6.1 Dúshlán maidir le Fás Geilleagrach sa Todhchaí

Covid-19: Tá paindéim Covid-19 ar an mbagairt is mó ar gheilleagar na hÉireann ó tharla an ghéarchéim airgeadais dhomhanda. Mar gheall ar an bhfreagairt ar scaipeadh an víris tá cailteanas post suntasach sa gheilleagar, le ráta dífhostaíochta de 28.2% a taifeadadh i 2020⁷. I mí Mheán Fómhair d'fhoilsigh an Rialtas 'Plean Athléimneachta agus Aisghabhála maidir le Maireachtáil le COVID 19' chun an riosca a bhaineann leis an bpaindéim a bhainistiú agus chun déileáil leis na hiarmhairtí sóisialta agus geilleagracha. Mar gheall ar éiginnteacht faoi thionchair mheánfad téarmacha den phaindéim, tá sé á dtuar go mbeidh na deiseanna maidir le fás geilleagrach agus infheistíocht sa todhchaí láithreach teoranta.

Teannais Trádála Idirnáisiúnta: Tá geilleagar oscailte ag Éirinn a chiallaíonn go bhfuil sé neamhchosanta go haon athrú nó luaineacht don timpeallacht geilleagrach ar leibhéal domhanda. Tugann comhlachtaí ilnáisiúnta iasachta ranníocaíocht shuntasach do gheilleagar na hÉireann maidir le poist, easpórtálacha agus ioncam físcach. Baineann impleachtaí suntasacha ar thrádáil idirnáisiúnta, ar thráchtáil, agus ar thurasóireacht leis na srianta ar thaisteal idirnáisiúnta agus leis an dianghlasáil a cuireadh i bhfeidhm i dtíortha ar fud an domhain. Tá geilleagar oscailte in Éirinn neamhchosanta ag na luaineachtaí seo. Ciallaíonn an iontaoibh agus an t-idirspheáchas d'Éirinn ar infheistíochtaí agus trádáil dhomhanda go mbeidh tionchar suntasach i bhfreagairt an gheilleagair dhomhanda maidir leis an bpaindéim a bhainistiú.

Baineann údair inní eile sa gheilleagar domhanda le teannas trádála leanúnach idir na Stáit Aontaithe agus an tSín, agus an éiginnteacht faoi chomhpháirtíocht sa todhchaí idir an Ríocht Aontaithe agus an AE tar éis dóibh tarraingt amach as an AE. Beidh gnólachtaí ag coinneáil siar infheistíocht agus beidh laghdú i gcaiteachas tomhaltóirí mar gheall ar na héiginntí seo, agus beidh daoine ag sábháil níos mó dá n-ioncam aon uaire.

An Breatimeacht: Mar gheall go bhfuil Lú suite le fad na teorann, tá an Contae neamhchosanta ar na héiginntí faoin mBreatimeacht, ina bhfuil gnólachtaí a bhfuil custaiméirí, slabhra soláthair, agus táirgeoirí ar an dá thaobh den teorainn. Faoi láthair, tá aistriú gan uaim d'earraí agus de sheirbhísí thar an teorainn mar gheall go bhfuil an dá thír laistigh den Mhargadh Aonair. Beidh éifeacht mhór ar na hearnála gnó agrairbhia maidir le haon athrú ar na dálaí seo mar beidh tionchar ag an earnáil ar shlabhra soláthair agus socruithe lóistíochtúla.

Tá seans ann go gcuirfí tús le taraifí, nó dibhéirseacht rialála, a d'ardódh costais agus bheadh moilleanna in iompar earraí agus seirbhísí mar thoradh air agus bheadh ardú i gcostas chun gnó a dhéanamh mar sin. Bíonn tionchar i luaineachtaí airgeadra ar chostais agus d'fhéadfadh patrúin in athrú iompar tomhaltóirí a bheith mar thoradh air, go háirithe i gceantair sa teorainn ina mbaineann daoine tairbhe as na rátaí malartáin níos ísle. D'fhéadfadh an méid sin tionchar a bheith ar thurasóireacht, le níos lú cuairteoirí ag taisteal ó Thuaisceart Éireann agus an Bhreatain mar gheall ar dhíluacháil steirling.

Cé go bhfuil dúshláin ar gheilleagar na hÉireann mar thoradh ar an mBreacimeacht, bíonn deiseanna ann chomh maith. Coinneoidh Éire na buntáistí ar fad de bhallaíocht an AE agus beidh teacht ar fhórsa oibre léannta, oilte, a labhraíonn Béarla a bheidh mar fhachtóir tábhachtach chun infheistíocht dhíreach iasachta a mhealladh. **Deiseanna:** Maidir le suíomh Lú le fad na teorann, áit a bhfuil nascacht iontach le Baile Átha Cliath agus Béal Feirste araon agus teacht ar fhórsa oibre léannta agus oilte, is áit mhealltach é an Contae do ghnólachtaí ón Ríocht Aontaithe atá ag iarraidh teacht ar an Margadh Aonair, agus do ghnólachtaí Éireannacha, Eorpacha agus Idirnáisiúnta atá ag iarraidh teacht ar mhargadh na Ríochta Aontaithe.

5.7 CONAIR GHEILLEAGRACH BHAILE ÁTHA CLIATH-BHÉAL FEIRSTE

Tá Lú suite go straitéiseach idir an dá chathair is mó ar an oileán, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Tá nascacht iontach idir na cathracha tríd an mbóthar ceangail ardinniúlachta (Mótarbhealach M1), atá mar chuid den Phríomhlíonra AE Gréasán tras-Eorpach iompartha TEN-T, nasc idirchathrach ar iarnród, mar aon le naisc idirnáisiúnta trí na calafoirt agus na haerfoirt, agus tá deiseanna suntasacha cruthaithe d'infheistíocht gheilleagrach agus do chruthú post.

Leagann an NPF agus an RSES béim ar thábhacht na conaire seo chun tacú le fás gheilleagrach agus chun iomaíochas gheilleagrach a chothabháil. Rinneadh sainathint ar dheiseanna chun na naisc seo a neartú ar feadh na conaire seo agus go háirithe na naisc trasteorann idir Dhroichead Átha-Dún Dealgan-an tIúr mar thiománaí féideartha d'fhás gheilleagrach.

Tá níos mó suntais ag baint le diminsean idirnáisiúnta na conaire seo sa chomhthéacs go bhfuil an Ríocht Aontaithe ag tarraingt amach as an AE.

Chomh maith leis na naisc trasteorann, tá nascacht láidir idir Lú, an Mhí, Muineacháin agus an Cabhán i soláthar seirbhísí, fostaíocht, agus oideachas, a chruthaíonn líonra trasteorann níos leithne de chontaetha agus lonnaíochtaí thoir thuaidh den tír.

Leanfaidh an Plean seo le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn agus tacú léi ar fud na Conaire seo. Mar chuid den straitéis ionaid scála a fhorbairt, déanfar na Lárionaid Fháis Réigiúnacha de Dhroichead Átha agus Dún Dealgan a shainathint mar príomhshuímh d'fhás gheilleagrach.

Cuspóir Beartais

GF 1	Chun cumas gheilleagrach Lú a uasmhéadú trí chur lena bhuntáiste gheografach ar fud na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus chun Lárionaid Fháis Réigiúnacha i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan a chothú agus a mhargú.
-------------	---

Cuspóir Beartais

GF 2	Chun dul i ngleic le agus obair go dlúth le hÚdarás Réigiúnach Oirthear agus Lár Tíre agus na hÚdaráis Áitiúla chun forbairt gheilleagrach a chur chun cinn ar fud na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.
-------------	---

⁷ [CSO Dífhostaíocht Mhíosúil, Aibreáí 2020](#). Tabhair faoi deara nuair a bhaintear amach na daoine ar íocaíocht phaindéime speisialta, bhí an ráta dífhostaíochta ar 5.4%.

5.7.1 Infheistíocht Thrasteorann

Tá tacaíocht láidir ó na rialtais ar an dá thaobh den teorainn maidir le comhoibriú leanúnach i dtionscadail agus i dtionscnamh trasteorann. Tá an cumas geilleagrach de líonra Dhroichead Átha-Dhún Dealgan-an tlúr sainaitheanta sa NPF agus sa RSES. Tá an tairseach chriticiúil ag na lonnaíochtaí seo chun dul in iomaíocht sa gheilleagar domhanda agus slabhra gnó níos airde a mhealladh trí linnte móra a thairiscint d'oibrithe a bhíonn cáilithe go hoiriúnach, tacú le bonneagar, agus seirbhísí poiblí agus tráchtála a ofráil ar ardchaighdeán.

Cuireann Cistí Struchtúrtha an AE ar nós Clár Struchtúrtha INTERREG VA maoiniú ar fáil do thionscadail trasteorann. Tá an ciste seo deartha chun ceisteanna a shárú a thagann chun cinn mar gheall ar theorainn. Bíonn réimse ceisteanna i gceist ó shláinte, iompar, ceisteanna timpeallachta, agus forbairt fiontair. Is é Foras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB) a bhainistíonn an ciste. Tá gealltanais ann ón AE leanúint leis an maoiniú do thionscadail trasteorann tar éis don Ríocht Aontaithe aistarraingt ón AE.

Ar leibhéal rialtas áitiúil, tá comhoibriú trasteorann soiléir sa mheabhrán tuisceana (MOU) a forbraíodh agus a shínigh Comhairle Contae Lú agus Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin. Leagann an MOU amach na hoibriúcháin sonraithe, a lorgaíonn tacú leis an bhforbairt gheilleagrach agus í a chur chun cinn agus iomaíochas sa réigiún. Tá an bhéim don dá Chomhairle ar neart i ndaoine ag obair ar scáth a chéile chun cabhrú le agus tacú leis na pobail áitiúla ar a bhfreastalaíonn siad. Tá sampla de na tionscadail leanúnacha trasteorann sa cheantar leagtha amach i dTábla 5.1.

5.8 OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Tá fórsa oibre atá léannta, oilte, agus inoiriúnaithe mar chuid lárnach d'fhás agus d'fhorbairt gheilleagrach. Bhain Lú tairbhe as áis ardoideachais sa Chontae, le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT), a chuireann deiseanna ar fáil d'oideachas agus d'fhorbairt scileanna do dhaoine agus déantar comhoibriú idir gnólachtaí agus tionscail áitiúla.

Is é DkIT an pointe fócais d'ardoideachais thoir thuaidh agus tá limistéar malartáin ag síneadh amach ar dhá thaobh den teorainn. Neartaíonn an phunann taighde de DkIT, mar aon le rochtain ar fhórsa oibre oilte, an geilleagar eolasbhunaithe sa Chontae a dhéanann an ceantar tarraingteach ó thaobh infheisteoirí féideartha.

D'fhreagair DkIT go dearfach do riachtanais oideachais agus oiliúna atá ag athrú de ghnó agus de thionscail araon. Tháinig forbairt ar chomhpháirtíocht láidir idir DkIT agus fostóirí áitiúla, agus an Institiúid ag athchóiriú modúil agus cúrsaí chun freagairt do riachtanais na bhfostóirí. Tá an cur chuige comhpháirtíochta seo mar phríomhghné chun tacú le forbairt fiontair sa Chontae.

Bronnadh maoiniú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (LMETB) i Meitheamh 2020, tríd an gCiste Fiontair Teorann, le haghaidh Ionad Oiliúna agus Oideachais Ard-déantúsaíochta i nDún Dealgan. Cuirfidh infheistíocht agus forbairt den áis seo an fórsa oibre ar fáil le deiseanna a gcuid scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú i dteicnící Ard-déantúsaíochta, atá mar réimse nuálaíochta agus mar bhuntáiste iomaíoch atá riachtanach má éiríonn le gnólachtaí dul in iomaíocht sa mhargadh domhanda.

Cuireann Institiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha (DIFE) réimse cúrsaí Breisoideachais ar fáil do lucht fágála scoile agus do dhaoine fásta atá ag filladh ar oideachas.

Ciallaíonn na háiseanna nua-aimseartha, agus an caidreamh dlúth le fostóirí go bhfuil cúrsaí ábhartha i gcónaí agus go bhfuil na mic léinn eolach ar theicneolaíocht san ionad oibre.

Tábla 5.1 Tionscadail Trasteorann Leanúnacha i Lú

Téamaí	Tionscadail
Fuinneamh in-athnuaite agus Teicneolaíocht Ghlas	VARITIES, Beart ar son Bithéagsúlachta; Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Micrighiniúint; Source to Tap; Tionscadal SWELL
Turasóireacht agus Áineas	Glasbhealach Loch Cairlinn; Bainistíocht Turasóireachta; Bád Farantóireachta an Ghrianfoirt go Caisleán na hOireanaí; EU_SHAFE
Fás Geilleagrach agus Cruthú Post Inbhuanaithe	Limistéar Geilleagrach Trasteorann Dhroichead Átha/Dhún Dealgan/An tIúr, CO INNOVATE
Pleanáil Éigeandála	Seirbhís Bhainistíochta Móréigeandála

5.9 ÁISEANNA COMHIONAID AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAILE

Tá dul chun cinn i dteicneolaíocht ag athrú timpeallachtaí oibre. Tá gairmeacha ann nach gá d'fhostaithe a bheith i bpríomhionaid fhostaíochta an t-am go léir, mar gur féidir leo obair ó bhaile. Tá an méid sin aitheanta ag fostóirí a admhaíonn na buntáistí a bhaineann le cianobair. Ar na buntáistí seo tá caighdeán saoil níos fearr d'fhostóirí mar gheall ar laghdú timaistrithe, le gnólachtaí ag baint tairbhe as laghdú i gcostais do limistéir mhóra de spás oifige i bpríomhshuíomhanna tráchtála.

Tacaíonn an Plean seo le forbairt na n-áiseanna comhoibrithe a chuireann solúbthacht ar fáil sna socruithe oibre chun dul i ngleic le fiontair thionscnaimh agus le gnólachtaí bunaithe araon, ina bhfuil bonn áitiúil ag fostaithe a laghdaíonn an gá le timaistriú fadraoin go laethúil.

Tá sé aitheanta chomh maith go bhfuil gníomhaíochtaí geilleagracha bailebhunaithe beaga oiriúnach i láithreacha ar leith, faoi réir nádúr na n-oibríochtaí agus na n-úsáidí gnó nach gcuireann isteach ar charachtar ná ar na háiseanna sa cheantar ina bhfuil siad suite.

Cuspóir Beartais

GF 3	<p>Chun tacú le fás inbhuanaithe an gheilleagair agus é a áisiú i gContae Lú agus ag caomhnú agus ag feabhsú caighdeán comhshaoil. Tá an beartas forbartha geilleagrach seo ag dréim leis na príomhchuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Chun ionaid fhostaíochta atá ann cheana féin a neartú a fhaigheann tacaíocht ó fhiontar, nuálaíocht agus scileanna; • Chun comhcheangail a neartú idir fostaíocht, tithíocht agus iompar d'fhonn ceantair uirbeacha dlúite a chur chun cinn agus chun spleáchas carranna a laghdú; • Chun bearta a chur chun cinn chun tarraingteacht an Chontae a fheabhsú mar ionad infheistíochta agus gníomhaíocht fiontraí a mhéadú; • Chun timpeallacht ghnó cnuasach ar leith a fheabhsú tríd éiceachóras gnó fabhrach a chur i bhfeidhm do nuálaíocht agus fiontraíocht a thacaíonn le forbairt slabhra breisluacha tionsclaíochta agus tionscail nua atá ag teacht chun cinn. • Chun fás geilleagrach a áisiú trí shuíomhanna tionsclaíochta agus tráchtála atá ann faoi láthair a dhaingniú agus trína chinntiú go bhfuil soláthar imleor de thailte fostaíochta seirbhísithe ag ionaid fheiliúnacha; • Chun athghiniúint de cheantair tearcúsáidte tionsclaíochta agus lárbaile a chur chun cinn ar bhealach a chuireann leis an ngeilleagar áitiúil agus a spreagann cur chuige seicheamhach maidir le forbairt; agus • Chun soláthar do réimse de chineálacha lóistín gnó, lena n-áirítear aonaid atá feiliúnach do ghnó beag.
-------------	--

Cuspóir Beartais

GF 4	<p>Chun obair i gcomhar le gníomhaireachtaí fostaíochta náisiúnta lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann agus an Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA), Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lártíre, agus Oifig Fiontair Áitiúil na Comhairle chun Lú a chur chun cinn mar phríomháit chun infheistíocht geilleagrach a dhéanamh agus tacú le tionscnaimh fostaíochta agus chun deiseanna fostaíochta a uasmhéadú laistigh den Chontae.</p>
-------------	---

Cuspóir Beartais

GF 5	<p>Chun obair go dlúth leis an IDA agus gníomhaireachtaí eile chun infheistíocht dhíreach iasachta a chur chun cinn agus a áisiú i Lú.</p>
-------------	--

Cuspóir Beartais

GF 6	<p>Chun comhoibriú agus obair i gcomhar le gníomhaireachtaí bonneagar lena n-áirítear Uisce Éireann, Líonraí Gáis Éireann, Líonraí BSL, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompar Éireann, agus Oifig na nOibreacha Poiblí chun tionscadail bhonneagair a shainathint agus a chur ar aghaidh a theastaíonn le forbairt geilleagrach a áisiú sa Chontae.</p>
-------------	--

Cuspóir Beartais

GF 7	Chun dul i ngleic leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, Oifig Fiontair Áitiúil, Fóram Geilleagrach Lú agus páirtithe leasmhara éagsúla chun tacú le cur i bhfeidhm Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Forbairt Pobail 2016-2021 agus Pleananna ar bith eile ina dhiaidh sin.
-------------	--

Cuspóir Beartais

GF 8	Chun obair a chur chun cinn in Oifig Fiontair Áitiúil an Lú chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus do mhicrifhiontair sa Chontae.
-------------	--

Cuspóir Beartais

GF 9	Chun leanúint ag cur comhoibriú agus comhpháirtíochtaí chun cinn idir gnólachtaí agus grúpaí tionscail agus DkIT a thabharfaidh spreagadh do thaighde agus d'fhorbairt agus a chuirfidh breisoideachas agus deiseanna oiliúna ar fáil d'oibrithe.
-------------	---

Cuspóir Beartais

GF 10	Chun comhoibriú agus obair i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis Áitiúla sna Ceantair Thoir agus Lártíre agus Thuaidh agus Thiar chun infheistíocht gheilleagrach a áisiú agus tionscail a ghineann fostaíocht agus geilleagar uile-oileáin a fhorbairt.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 11	Chun dul i ngleic le gníomhaireachtaí Rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann chun cláir agus tionscnaimh gheilleagracha a thacaíonn le comhoibriú agus forbairt gheilleagrach thrasteorann.
--------------	---

Cuspóir Beartais

GF 12	Chun tacú le forbairt bhonn geilleagrach láidir go háirithe fad le conair gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste a fhaigheann tacaíocht ó fhiontair, nuálaíocht agus scileanna, agus caighdeán comhshaoil a chaomhnú.
--------------	---

Cuspóir Beartais

GF 13	Chun tacú le gnólachtaí agus fiontair, i gcomhréir le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara lena n-áirítear an IDA, Fiontraíocht Éireann, Oifig Fiontair Áitiúil na Comhairle, mar fhreagra ar dhúshláin agus ar éiginntí a bhaineann le haistarraingt na Ríochta Aontaithe ón AE.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 14	Chun a chinntiú go bhfuil tailte aimsithe atá leordhóthanach agus sainaitheanta le húsáid mar fhiontair agus tionscail sa Chontae de réir ainmniú gach lonnaíocht sa Ghrádlathas Lonnaíochta a thabharfaidh tacaíocht d'infheistíocht agus fás fostaíochta geilleagrach.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 15	Chun soláthar réimse aonaid fostaíochta agus fiontair a chur chun cinn agus a áisiú ar mhéid, scála agus leagan amach difriúla a chuirfidh rogha ar fáil d'áiseanna den sórt sin chun freastail ar riachtanais na n-earnálacha fiontair agus fostaíochta sa Chontae.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 16	Chun deiseanna neamhionchasacha a áisiú agus tacú leo tairiscintí bailí maidir le forbairt fiontair a thagann chun cinn ina bhfuil tiomántóirí suímh láidre ann nach mbaineann leis an réim chéanna in áit eile.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 17	Chun pobail tharraingteacha, sláintiúla agus inbhuanaithe a aithint a bhfuil ról bunúsach acu i rath geilleagrach a chur ar fáil agus chun infheistíocht iasachta agus intíre a mhealladh.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 18	Chun aonaid fholmha agus thearcúsáidte tionsclaíochta, fiontair, déantúsaíochta agus ollstórála a spreagadh agus a áisiú.
--------------	---

Cuspóir Beartais

GF 19	Chun suíomhanna a aithint sa Chontae do ghníomhaíochtaí fiontair difriúla lena n-áirítear aonaid tionscnaimh/goradáin, forbairt ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, micrifhiontair agus gnólachtaí idirnáisiúnta agus bardais.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 20	Chun buntáistí geilleagracha agus fostaíochta a aithint d'fhiontair comhchosúla a chnuasaíonn i gceantar.
--------------	---

Cuspóir Beartais

GF 21	Chun tacú le cur i bhfeidhm an choincheapa de 'speisialtóireacht chliste' mar chuid de Straitéis Gheilleagrach Lú.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 22	Chun tábhacht fhorbairt agus fhás fhiontair áitiúla dúchasacha a aithint agus iad a spreagadh agus a áisiú i suíomhanna oiriúnacha sa Chontae.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 23	Chun tacú le soláthar áiseanna comhoibrithe agus moil dhigiteacha a chuireann socruithe oibre solúbtha chun cinn do ghnólachtaí bunaithe, daoine féinfhostaithe, agus fiontair thionscnaimh.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 24	Chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach bailebhunaithe a léirítear go bhfuil nádúr an ghnó ar scála oiriúnach dá shuíomh agus nach mbeadh díobhálach do charachtar ná d'áiseanna sa cheantar.
--------------	---

5.10 DEISEANNA MARA LENA

NÁIRÍTEAR CALAFOIRT

Tá imeallbhord ag Lú os cionn 90km a chuireann neart deiseanna ar fáil chun tacú le réimse gníomhaíochtaí mara cosúil le dobharshaothrú, cosaint, fuinneamh, iascaigh, mianadóireacht agus cumascáin, calafoirt, cuanta, agus loingseoireacht, cáblaí teileachumarsáide, turasóireacht, sábháilteacht ar muir, spórt agus áineas, agus cóireáil agus diúscairt fuíolluisce.

Tá an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF) ar an gcéad phlean in Éirinn maidir le gníomhaíochtaí mara níos inbhuanaithe agus bainistíocht níos éifeachtaí. Tabharfaidh an méid sin treoir do chinnteoirí, úsáideoirí agus páirtithe leasmhara i dtreo úsáid níos straitéisí, bunaithe ar phlean agus úsáid éifeachtach de na hacmhainní mara.

Tar éis ullmhú an Phlean Spásáil Mhuirí cinnteoidh an Chomhairle go bhfuil ailíniú agus dlús idir úsáid talún agus pleanáil bunaithe ar aigéan. Is dúshlán do gheilleagar mhuirí an bhainistíocht éifeachtach ar an spás atá ar fáil agus an cumas teacht ar na buntáistí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil do gach aon duine. Déanfar cómhaiseachtáil gníomhaíochtaí a mheas más féidir.

Cuirfidh an méid sin ar chumas leanúint le gníomhaíochtaí agus/nó fás agus éilimh iomaíochtúla a laghdú maidir le spás agus/nó acmhainní teoranta. Tá sé sin tábhachtach i gceantair gar don chósta ina bhfuil go leor suíomhanna gnóthacha cheana féin, le hardaidhmeanna maidir le fás atá ag teacht chun cinn, cosúil le Cairlín agus Ceann Chlochair.

Aithníonn an Chomhairle tábhacht an gheilleagair ghoirm agus na hoidhreacht muirí agus aithníonn sí go bhfuil deiseanna suntasacha ann sa gheilleagar mara nó gorm a bhaineann le hiascach, foinsí in-athnuaite, sábháil feamainne, dobharshaothrú, turasóireacht.

Tá ról tábhachtach ag na calafoirt chun fás geilleagrach a chumasú agus chun nascacht idirnáisiúnta a chur ar fáil. Tá an méid sin aitheanta san RSES, a aithníonn calafoirt réigiúnacha mar ionaid thábhachtacha de ghníomhaíocht gheilleagrach. Tacaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnach 8.23 den RSES le cosaint ar fheidhmeanna mara de na calafoirt sa Réigiún agus ag díriú i dtreo deiseanna féideartha maidir le forbairt fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.

Tá trí chalafort tráchtála i Lú ag Droichead Átha, Dún Dealgan agus an Grianfort, atá aitheanta mar Chalafort de Shuntas Réigiúnach i mBeartas na gCalafort Náisiúnta 2013⁸. Tá Droichead Átha ar an gcalafort is mó, agus láimhseálann sé bulclasta den chuid is mó. Oibríonn sé seirbhís rolladh ann-rolladh as teoranta.

Is calafort domhain é Calafort an Ghrianfoirt le háiseanna ardú ann/ardú as. Láimhseálann sé lastas nach bhfuil coimeádán lasta lena n-áirítear bia ainmnithe, ceimiceáin bhia, leasachán, carraig, cruach, agus slisadhmaid i mbulc. Tá bulcáiseanna stórála suite achar gearr ón gCalafort a dhéanann freastail ar réimse bulctháirgí tirime. Is lasta ginearálta é Calafort Dhún Dealgan. Iompórtálann an Calafort ábhair cosúil le plástarchlár, bianna ainmhithe, ola, gual, adhmaid, agus cruach. Ar na heaspórtálacha tá miotal conamair agus móin. Feidhmíonn Calafort Cheann Chlochair go príomha mar chalafort iascaigh.

Rinneadh uasghrádú ar an gceantar cuain le gairid a chuireann áiseanna ar fáil do chabhlach iascaigh mór. Ina theannta sin tá áiseanna ar fáil d'iascairí farraige.

Cuireann Fíor 5.5 sonraí ar fáil faoi thonnáiste earraí a láimhseálann calafoirt tráchtála i Lú i 2019⁹.


Leagann sé béim ar mhéid na n-earraí atá ag dul trí na calafoirt agus is léiriú é ar thábhacht na n-áiseanna seo chun nascacht idirnáisiúnta a chur ar fáil do ghnó agus do thionscail sa réigiún.

Tabharfaidh an Plean seo tacaíocht d'fhorbairt agus d'fheabhsúcháin ar áiseanna Calafoirt sa Chontae chun nascacht agus iomaíochas a chothabháil agus tacú le fás geilleagrach sa Chontae agus sa Réigiún níos leithne.

⁸ Tábla 2.8 de Bheartas na gCalafoirt Náisiúnta (2013, an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoíreachta

⁹ [Staitisticí faoi thrácht Calafort, CSO](#)

Fíor 5.5: Tonnáistí a láimhseáil Calafort Lú 2019



Cuspóir Beartais

GF 25 Chun ailíniú a chinntiú idir na cuspóirí beartais den Plean seo agus Plean Spásáil Mhuirí tar éis a fhoilseachán.

Cuspóir Beartais

GF 26 Chun tacú le forbairt agus fás an gheilleagair mhuirí agus chun na héilimh iomaíochtúla a chothromú do spás atá ar fáil le fad an chósta ag úsáideoirí difriúla agus chun comhshuíomh agus cómhaireachtáil de ghníomhaíochtaí agus de bhonneagar a spreagadh agus aird a thabhairt mar is cuí ar chúrsaí comhshaoil.

Cuspóir Beartais

GF 27	Chun na háiseanna Calafóirt i nDroichead Átha, sa Ghrianfort, i nDún Dealgan, agus i gCeann Chlochair a aithint mar acmhainn gheilleagrach thábhachtach agus chun tacú le feabhsúcháin nó síneadh ar na háiseanna Calafóirt seo i nDroichead Átha, sa Ghrianfort agus i gCeann Chlochair agus comhdhlúthú de Chalafort Dhún Dealgan, faoi réir ag ullmhú Máistirphlean agus cúrsaí comhshaoil oiriúnacha.
--------------	---

5.11 LIMISTÉIR LE BHEITH AITHEANTA MAIDIR LE FÁS

Cuirfidh na ranna seo a leanas den chaibidil seo léargas agus straitéis ar fáil d'fhostaíocht a bhaineann le forbairt sa Chontae.

5.11.1 Lárionaid Fháis Réigiúnacha

D'aithin an NPF lonnaíochtaí faoi leibhéal na cathrach le feidhm thábhachtach sa chomhthéacs d'fhorbairt réigiúnach. I Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ba iad na lonnaíochtaí a aithníodh ná Áth Luain, Droichead Átha agus Dún Dealgan. Sa RSES do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre ainmníodh na lonnaíochtaí seo mar 'Lárionaid Fháis Réigiúnacha' agus beidh siad mar phointe fócais d'fhás daonra agus fostaíochta. Cuirfidh an roinn seo a leanas léargas ar fáil do Lárionaid Fháis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan.

Cruthóidh comhchruinniú d'fhorbairt sna lonnaíochtaí seo tairseach chriticiúil de dhaonra agus de dheiseanna fostaíochta agus ligfidh sé do na lonnaíochtaí seo socrú chun forbairt ar scála, agus feidhmiú mar fhrithchothromaíocht go Baile Átha Cliath chun tacú le forbairt réigiúnach níos cothroime.

Lorgaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnach 6.30 den RSES tacú le tionscnaimh cathair cliste atá ann faoi láthair cosúil le Baile Átha Cliath Cliste agus Fóram Cathracha Cliste Uile Éireann, chomh maith le tacú le forbairt chláir na gcathracha cliste in Áth Luain, Droichead Átha agus Dún Dealgan. Cuireann cathracha cliste le tarraingteacht an tsuímh do dhaoine agus do ghnólachtaí, go háirithe iad siúd atá ag iarraidh nuáil.

Cé nach bhfuil sainmhíniú uilíoch ar 'Chathair Chliste' tagraíonn an téarma go ginearálta do chathair nó baile a úsáideann teicneolaíocht chun seirbhísí a chur ar fáil agus chun fadhbanna cathracha/baile a réiteach cosúil le rochtain níos fearr ar sheirbhísí iompair, dramhaíl agus míchaoithiúlacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta a uasmhéadú. Is príomh-chomhpháirt maidir le 'Cathair Chliste' é an úsáid a bhaintear as sonraí réadama chun tacú le huirlisí a thabhairt isteach a chruthaíonn folláine sa chathair/bhaile sin.

Cuspóir Beartais

GF 28	Chun forbairt gheilleagrach a chur in ord tosaíochta i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan agus tábhacht straitéiseach na lonnaíochtaí a thabhairt san áireamh le fad na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus a n-ainmniúchán mar Lárionaid Fháis Réigiúnacha san RSES.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 29	Chun cur chuige dearfach agus réamhghníomhach a thabhairt agus tionchar geilleagrach a mheas maidir le móriarratais phleanála sna Lárionaid Fháis Réigiúnacha de Dhroichead Átha Agus de Dhún Dealgan chun tacú le forbairt gheilleagrach agus fás fostaíochta agus chun torthaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
--------------	---

Cuspóir Beartais

GF 30	Chun na Lárionaid Fháis Réigiúnacha i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan a chur chun cinn agus a áisiú mar ionaid chruthaitheacha agus nuálacha atá iomaíoch, inrochtana agus tarraingteach, ina bhfuil a chéannacht ar leith féin acu agus a n-oidhreacht tógtha.
--------------	---

Cuspóir Beartais

GF 31	Chun bonneagair agus fónais riachtanacha a chur chun cinn chun tacú le gnólachtaí chun iomaíochas a bhunú agus dún daingean athléimneacht a bhunú ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
--------------	---


Cuspóir Beartais

GF 32	Chun tacú le forbairt ar Chláir Chathair Chliste sna Lárionaid Fháis Réigiúnacha i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan.
--------------	---

5.12 DROICHEAD ÁTHA

5.12.1 Próifíl

Tá Droichead Átha¹⁰ suite go straitéiseach ar theorainn iarthair Lú, go neasach 30 nóiméad ó aerfort Bhaile Átha Cliath. Feidhmíonn an baile mar ionad seirbhísí tábhachtacha do dheisceart an Chontae le dobharcheantar ag síneadh go hoirthear na Mí agus tuaisceart Fhine Gall.




5.12.2 Fostaíocht Reatha

Ar na hearnálacha fostaíochta sa bhaile tá teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, gnó, seirbhísí gairmiúla agus airgeadais, déantúsaíocht, sláinte, próiseáil bia agus deoch, seirbhísí turasóireachta agus fáilteachais, agus miondíol. I 2016 bhí 12,300 post i nDroichead Átha¹¹ a léiríonn 35% de phoist iomlána sa Chontae.

Lasmuigh de lár an bhaile, tá limistéir fhostaíochta bunaithe in aice leis an gCalafort le taobh Bhóthar na Bóinne agus le fad Bhóthar Dhún Uabhair in iarthar an bhaile.

Tá ospidéal Mhuire Lourdes sa Mhuine Mhór atá i dtuaisceart an bhaile ag cur fostaíocht shuntasach ar fáil freisin. Is fostóir suntasach é RHI Magnesita (Premier Periclase) áis déantúsaíochta atá gar don Chalafort. Teastaíonn sealbhaíocht mhór agus struchtúir ghaolmhara ón áis seo mar gheall ar nádúir na hoibre.

Níos cóngaraí do lár an bhaile ar Bhóthar na nGlaschnoc, tá Eastát Tionsclaíochta Greenhills ina bhfuil fiontair dhéantúsaíochta agus seirbhísbhunaithe.



Tá Páirc Ghnó na Bóinne suite ar chúl na háise seo agus is bonn é do líon fiontair dúchasacha innealtóireachta, comhshaoil, agus próiseáil bia. Ar thaobh an deiscirt den Bhóinn le fad Bhóthar an Mhéirse tá ceann chúrsa mara a oibríonn Flogas.

Tá an fhéidearthacht ann d'úsáidí fostaíochta breise ar thailte nach bhfuil forbartha in aice leis an áis seo. Tá Páirc Thionsclaíochta Dhroichead Átha suite ar Bhóthar Dhún Uabhair ar iarthar an bhaile gar d'Acomhal 8 den M1. Tá an Pháirc seo ina hóstach ar ghnólaicthe a bhaineann le mórdhíoltóirí, miondíoltóirí, agus fiontair seirbhísithe.

¹⁰ Áirítear i bpróifíl gheilleagrach Dhroichead Átha Purláin an Deiscirt den bhaile atá mar limistéar riaracháin den Mhí. I 2016 ba é daonra Dhroichead Átha laistigh de limistéar riaracháin Lú ná 34,199. Bhí 12,408 oibrí cónaithe i limistéar Lú an bhaile agus 11,145 post agus cóimheas Post: Fórsa Oibre de 0.90 mar thoradh air.

¹¹ Áirítear 1,216 post i bPurláin an Deiscirt

5.12.3 Calafort Dhroichead Átha

Is sócmhainn gheilleagrach thábhachtach é Calafort Dhroichead Átha don bhaile agus do ghnólachtaí áitiúla chun amhábhair agus táirgí a iompórtáil agus a easpórtáil. Cuireann sé seirbhísí lasta ginearálta agus coimeádán ar fáil agus is féidir leis cineálacha éagsúla lasta a láimhseáil. Tá dhá áis ann chun an lastas a lastáil agus a dhíluchtú; calafort cé inmheánach ó thuaidh agus an áis dhomhain ag Críochfort Tom Roes.

Is é Críochfort Tom Roes an phríomháis a láimhseálann coimeádán agus páipéir agus adhmaid, agus is áit do lastas ginearálta é calafort cé inmheánach ó thuaidh do tháirgí lena n-áirítear gráin, cruach agus adhmaid i mbulc. Ina theannta sin tá áis hidreacarbóin phríobháideach agus áis phríobháideach stroighne/mhaignéisíte/guail ar fáil. Tá suntas réigiúnach an Chalafoirt ¹² aitheanta ag an RSES.



Aithníonn an Calafort chomh maith tábhacht gheilleagrach an Chalafoirt chun rochtain a chur ar fáil do mhargáí idirnáisiúnta le haghaidh gnólachtaí áitiúla agus mar sin tacaíonn sé le fás inbhuanaithe na háise, faoi réir aon leathnú atá i réim leis an gcritéir comhshaoil riachtanach. Cuireann Roinn 5.10 sonraí breise ar fáil maidir le háiseanna calafoirt sa Chontae.

5.12.4 Tailte Fostaíochta Neamhfhorbartha

Tá na páirceanna tionsclaíochta atá sa bhaile faoi láthair bunaithe le cumas teoranta maidir le leathnú.

Tá dhá dháileachta talún móra de thailte neamhfhorbartha marcáilte le haghaidh úsáidí fostaíochta i dtuaisceart an bhaile. Tá siad suite cóngarach leis an bPáirc Mhiondíola M1 agus os comhair Críochfort farantóireachta Tom Roes.

Maidir le tailte fostaíochta a scaoileadh os comhair Críochfort Farantóireachta Tom Roes beidh gá le Rochtain Chalafoirt Bealach Chros an Tuaiscirt (PANCR) agus bonneagar seirbhísí uisce a sheachadadh (nó seachadadh páirteach). Is cuid de straitéis iompair fadtéarmach é an PANCR do Dhroichead Átha a chuirfeadh feabhas ar nascacht don chalafoirt agus a bhainfeadh amach trácht a bhain leis an gcalafoirt ó lár an bhaile agus ar athghiniúint na dtailte i lár an bhaile.

Faoi láthair níl aon mhaoiniú ar fáil chun an bóthar seo a thógáil nó bonneagar na seirbhísí uisce. Mar sin bheadh an seachadadh ag brath ar fhorbróir. Maidir le réim na dtailte seo agus an t-idirpleáchas de na tailte le tógáil an PANCR agus bonneagar na seirbhísí uisce, beidh gá le Máistirphlean a ullmhú agus a aontú leis an Údarás Pleanála roimh aon iarratas pleanála a chur isteach.

Beidh Máistirphlean ag teastáil le haghaidh na dtailte fostaíochta i gcóngarach na Páirce Miondíola M1. Cinnteoidh na Máistirphleananna thuasluaite sin cur chuige iomlán agus comhordaithe a ghlacadh le forbairt na dtailte. Leagfaidh na Máistirphleananna amach leagan amach coincheapúil agus cuirfear sonraí bonneagair ar fáil lena n-áireofar bóithre, seirbhísí uisce, agus uisce dromchla mar aon le clár céimnithe chun na tailte a thógáil.

¹² Cuspóir Beartais Réigiúnach 4.12 den RSES a thacaíonn le ról Chalafoirt Dhroichead Átha.

5.12.5 Limistéir Fhostaíochta i bPurláin an Deiscirt de Dhroichead Átha

Chun straitéis fhostaíochta soiléir a fhorbairt do Dhroichead Átha, ní mór tailte fostaíochta atá ann cheana féin a mheas i bPurláin an Deiscirt den bhaile atá suite i gContae na Mí. Ar na tailte fostaíochta seo tá Páirc Ghnó agus Theicneolaíochta IDA le fad Bhóthar Dhún Uabhair, nach raibh rathúil ach go teoranta ag mealladh infheistíochta, agus réimse substaintiúil de thailte fostaíochta neamhfhorbartha ó dheas de Bhóthar Phlaitín.

Mar chuid den Phlean Comhpháirteach Limistéar Uirbeach/Áitiúil le Comhairle Contae na Mí, beidh gá le cur chuige comhordaithe d'fhorbairt na dtailte fostaíochta amach anseo lena chinntiú go ndéantar forbairt ar an mbaile ar bhealach iomlán.

Cuspóir Beartais

GF 33	Chun Lárionad Fáis Réigiúnach Dhroichead Átha a chur chun cinn mar phríomhionad fostaíochta sa Chontae a uasmhéadaíonn buntáiste suímh an bhaile le fad na Conaire Geilleagraí Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 34	Chun fíis agus straitéis gheilleagrach a fhorbairt do Dhroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae na Mí agus páirtithe leasmhara eile mar chuid den Phlean Comhpháirteach Limistéar Uirbeach/Áitiúil do Dhroichead Átha.
--------------	--

Cuspóir Beartais

GF 35	Chun Droichead Átha a chur chun cinn mar áit d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.
